*Bígí deas, léirigí meas* NUACHTLITIR *Nollaig, 20ú 2024*

# NOLLAIG

## Cúpla focal ó Mhúinteoir Lisa

Bhí téarma gnóthach againn anseo i nGaelscoil Faithleann. Chuireamar fáilte mhór roimh Múinteoir Deirdre go dtí Rang 5, Múinteoir Mary (iarscoláire na Gaelscoile) go dtí Rang 1 agus Múinteoir Aoife (Ní Ghormáin) go dtí Oideachas Speisialta ag post roinnt. D'fhágamar "Slán go fóill" le Múinteoir Antóin atá ag imeacht le "Oide" ag obair ar Sláinte & Folláine. Braithfimid uainn é go mór inár measc.




I Mí Mean Fómhair bhí cúpla cuairteoir againn ón NCSE agus bhíomar ag lorg cúntóir ranga speisialta breise. D'éirigh linn agus ar an 4ú Deireadh Fómhair chualamar an dea scéal gur féidir cuntóir nua a fhostú. Fáilte roimh Niamh Ní Mháille agus comhghairdeas léi.



An scéal eile mór a chualamar ná go mbeidh deontas de €85,000 ag teacht inár dtreo chun páirc astroturf a bheith lonnaithe sa scoil. Ar deireadh thiar thall! Táimid ar mhuin na muice faoi seo.



Thosaigh Caroline ó Music Generation linn i Meán Fomhair agus tá gach páiste ó Rang 1 go Rang 6 ag foghlaim an Ukelele. Tá na páistí an- thógtha leis agus beidh sé ar siúl go dtí Bealtaine 2025. Táimid an – bhuíoch do Caroline atá á stiúriú.Fuaireamar seic mór ó Lee Strand €1,700 euro toisc go bhfuilimid ag ól alán bainne sa scoil agus cheannaíomar cró nua agus cúpla cluiche nua daite ar an gclós chomh maith. Beidh cúpla rud eile go luath i 2025.



Bhí gach duine sa scoil chomh sásta nuair a bhí an suíomh gréasáin nua beo. Tá sé chomh geal, nua aimseartha agus gleoite. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Lynda Foran a chruthaigh é agus Múinteoir Jamie a chabhraigh chomh mór leis an bhfeachtas i rith an tSamhraidh. Obair na gCapall déanta!I rith Briseadh na Samhna chuir 14 páiste isteach ar chomórtais an Oireachtas san I.N.E.C. Dhein siad an-jab ar an lá agus mo cheol sibh.

Tar éis an Briseadh thosaigh an Comhrá faoi Ceolchoirm na Nollag a bheith againn. Ní raibh ceann mór ó 2019 mar sin bhí sceitimíní mór ar na páistí nuair a chuala siad faoi. Bhí oíche den scoth ann ar an 4ú Nollaig.

Rinneadh Féilire 2025 de bhreithlaethanta pobal na scoile i rith mí na Nollag. Tá ár scoil 35 bliain d'aois i mbliana agus is deas é a mharcáil. Díolfar an Féilire seo don Nollaig agus tá sé i gceist againn troscán nua álainn a cheannach don chlós amuigh leis an mbrábús. Beidh brábús ón gceolchoirm ag dul ina threo chomh maith.




Mar Fhocal Scoir ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do Threasa ár bPríomhoide Tánaisteach agus gach ball fóirne a chabhraíonn le saol na scoile gach aon lá. Míle buíochas chomh maith lenár dteaghlaigh go léir agus gan dabht lenár 245 páiste atá chomh maith, chomh béasach agus cineálta. Mar a deirimid gach lá Bígí deas, Léirigí meas.

Guim Nollaig Shona, shuaimhneach ar gach éinne agus Athbhliain faoi shéan's faoi mhaise.

Lisa



*Bígí deas, léirigí meas* NUACHTLITIR *Nollaig, 20ú 2024*

# NOLLAIG

## Music Generation Rang 4

Thosaigh Múinteoir Caroline agus Music Generation linn i mbliana. Is múinteoir cairdiúil cinealta, ceolmhar í Caroline. Tá Caroline ag baint úsáid as Ukulele, boom whackers agus cloigíní chun ceol a mhúineadh dúinn. Bíonn ceacht againn gach Céadaoin. Faigheann gach rang ó Rang a 1 go Rang a 6 leath uair a chloig. Bhí blaiseadh deas-álainn le clois i gcúpla seó i nDrámaí na Nollag. Baineann na héinne idir daltaí agus múinteoirí an sult as Múinteoir Caroline.

## Seó na mBréagán Rang 3

Bhí Seó na mBréagán ar siúl ar Aoine, 6ú Nollaig. Bhí Patrick Kielty mar láithreoir. Bhí bréagáin de gach sort ar an seó, mar shampla, Lego, teidí, babóg, rothair, leabhair agus liathróidí peile. An téama a bhí ann ná “Home Alone”. Bhí sé ar siúl ar RTÉ 1 i mBaile Átha Cliath. Bhí paráid ar siúl ag an deireadh. Is aoibheann liom an “Seó Bréagán”.



## Naíonáin ar Broadway

Ar an gceathrú lá de mhí na Nollag, chuaigh Naíonáin Shinsearacha chun stáitse ag an ráschúrsa i gCill Airne le haghaidh Dráma Nollag na Scoile. Chuir an léiriú de, 'An Mí-thuiscint Mór Nollag' an-áthas ar an lucht féachana lena scéal croíúil agus lena bhfuinneamh bríomhar. Lean an dráma grúpa de shíoga dána a thóg mála mór dearg bréagán ó Dhaidí na Nollag, rud a spreag eachtra lán spraoíúil . D’éirigh le Daidí na Nollag , Mamaí na Nollag agus a gcairde ar deireadh.



Tháinig siad ar an mála sa deireadh a bhí thar n-ais cois tine, rud a shábháil an Nollaig díreach in am! Bhí an oíche lán le hamhránaíocht, damhsa, agus fiú cúpla iontas – mo leithscéal a ghabháil leo siúd a d’éirigh fliuch ó na gunnaí uisce a bhí ag elves dána! Bhí obair na gcapall déanta ag na bpáistí le sonrú go gealgháireach nuair a thug siad léiriú iontach. Rud a chuir áthas agus bród ollmhór ar a dtuismitheoirí, a múinteoirí agus teaghlaigh na páistí. Maith sibh, Naíonáin Shinsir

## Siúlóid Staire Rang 2

**S**iúlóid speisialta, stair againn le foghlaim,
**I**dir scéalta móra agus daoine iontacha
**Ú**darás Hugh O'Flaherty, fear cabhrach
**L**á na spéirbhean, chomh hálainn le réaltaí
**Ó** Johnny O’Leary, damhsa is ceol
**I**dir rince agus gáire, bhí an lá go hálainn
**D**éanaimid smaoineamh ar stair na háite.

**S**céalta na hÉireann, beo inár gcroí,
**T**á laochra mar iad ag múineadh dúinn
**A**gus linn féin a fhoghlaim faoi ár áit.
**I** gcónaí bródúil as ár n-oidhreacht ar fud,
**R**inneamar siúlóid fada timpeall Cill Áirne
**E**achtra iontach a chuir áthas orainn go léir!

## Ranganna Fraincise

Thosaíomar Fraincís i mí na Samhna le Múinteoir Derval. Táimid ag tosú ón dtús. D’fhoghlaimaíomar focail cosúil le “Bonjour” agus “chien” agus táimid anois in ann abairtíí iomlána a rá. Foghlaimíonn cúpla duine Fraincís ar Duolingo leis. Is breá liom Fraincís.

## Seisiún Traenála le Jack

Bhí Rang a hAon ar mhuin na muice tar éis dóibh comórtas a bhuachan chun seisiún traenála speisialta a bheith acu le Jack O Connor agus beirt imreoirí rúnda ó fhoireann Chiarraí. Ar an lá féin, tháinig David agus Paudie Clifford ar cuairt, rud a chuir gliondar croí ar na páistí go léir. Ghlac Paudie páirt sa traenáil freisin, ag tabhairt leideanna agus ag múineadh scileanna iontacha do na himreoirí óga. Bhí lá thar a bheith taitneamhach acu ag imirt peile in éineacht leis na réaltaí móra seo. Ina theannta sin, fuair siad málaí bronntanais ó urraitheoir na hócáide, Lee Strand. Seo a bhí le rá ag an mbuachaill a bhuaigh an comórtas dá rang: “Bhí an-lá agam! Bhí mé ar bís nuair a fuair mé amach. Ba é an chuid ab fhearr den lá ná cluiche a imirt leis na páistí i mo rang, agus is aoibhinn liom mo gheansaí nua Chiarraí.”Bhí an aimsir ar fheabhas, agus bhain na páistí taitneamh agus spraoi as an lá ó thús deireadh. Lá nach ndéanfaidh siad dearmad ar go deo!

## Tumoideachas 2024

29ú Lúnasa 2024 ab ea lá stairiúil i nGaelscoil Faithleann, nuair a thosaigh Naíonáin Bheaga, ranganna Aoife agus Christina a saol scoile go huile is go hiomlán trí mheán na Gaeilge le tumoideachas. Ó shin amach tá ag éirí go hiontach leis na páistí atá ag baint lán taitneamh as an nGaelainn. Tá siad ag foghlaim, ag súgradh, ag canadh, ag aisteoireacht agus ag obair i nGaeilge. Caithfimid árd mholadh a thabhairt dár daoine beaga atá ag déanamh an-iarracht agus ag úsáid a cuid Gaelainne ar scoil... agus sa bhaile a chloisimid! Ba mhaith linn ár mbuíochas a léiriú do phobal na scoile uilig as cabhrú linn! Beatha teanga í a labhairt

